



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*

Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtuithe Cosanta don bhliain 2021

Cuireann an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 creatlach ar fáil inar féidir le hoibrithe ábhair imní a léiriú maidir le nithe míchearta a d'fhéadfadh a bheith déanta san ionad oibre. Is féidir le hoibrithe a bheith lánchinnte gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha agus as cosaintí eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má bhíonn siad thíos leis ar chor ar bith de bharr gur léirigh siad ábhar imní.

Tá polasaí curtha le chéile ag ETB Dhún na nGall a spreagfaidh oibrithe, i gcomhar le reachtaíocht, nithe míchearta a d'fhéadfadh a bheith déanta a thuairisciú. Is féidir le hoibrithe a bheith lánchinnte go nglacfar lena n-ábhair imní go dáiríre agus go bhfiosrófar iad, de réir mar is cuí, agus go léireofar meas ar a gcuid rúndachta.

Díríonn an polasaí seo aird ar an dóigh a bhfuil sé iomchuí i gcónaí ábhair imní a ardú nuair a bhíonn siad bunaithe ar thuairim réasúnach, beag beann ar cé acu an aimsítear aon nithe míchearta ina dhiaidh sin.

Lena chois sin tugann an polasaí treoir d'oibrithe maidir leis an dóigh le hábhair imní a ardú. Baineann an polasaí seo le gach oibrí de chuid ETB Dhún na nGall lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann gníomhaireachta, iarfhostaithe agus intéirnigh/oiliúnaithe.

De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, cheap ETB Dhún na nGall Ceannt Acmhainní Daonna le nochtuithe cosanta a fháil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ar an ghuthán ar 074-9706055, tríd an ríomhphost ag protecteddisclosures@donegaletb.ie, nó tríd an phost chuig Ceannt Acmhainní Daonna, Oifigí Riaracháin, ETB Dhún na nGall, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 DP98.

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú, faoin 30 Meitheamh gach bliain, ag leagan amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus na bearta a rinneadh (más ann dóibh), i bhformáid nach ligfidh do dhuine ar bith na daoine a bhí i gceist a aithint.

De bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go bhfuarthas aon nochtadh cosanta don tréimhse 1 Eanáir 2021 go dtí 31 Nollaig 2021. Mar fhreagairt air sin, sheol ETB Dhún na nGall fiosrúchán agus tá an scéal fós a fhiosrú agus an phreaséisiúint seo á scríobh.

3 Bealtaine, 2022